2026/2048

16.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2048 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Meán Fómhair 2026

maidir leis an gcaighdeán comhchuibhithe le haghaidh ceallraí a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2023/1542

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ceallraí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, agus ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 9, 10, 12, 13, 14 agus 78 den Rialachán sin a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó le codanna díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)8614 ón gCoimisiún ([3]) an 7 Nollaig 2021, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2023/1542 ('an iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata sin, dhréachtaigh CEN caighdeán EN 18060: 2025 maidir le feidhmíocht agus marthanacht modúl agus ceallraí feithiclí leictreacha alcaile-Ian, Pb, NiMH agus ceimicí comhcheangailte atá beartaithe lena n-úsáid i gceallraí in-athluchtaithe a bhfuil stóras inmheánach acu le haghaidh feithiclí bóthair.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhar le CEN, féachaint an gcomhlíonann caighdeán EN 18060: 2025 an iarraidh.

(5) Comhlíonann EN 18060: 2025 na ceanglais is aidhm dó a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1542. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)8614 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú chuig na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le ceanglais feidhmíochta, sábháilteachta agus inbhuanaitheachta le haghaidh ceallraí.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tagairt don chaighdeán comhchuibhithe le haghaidh ceallraí a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2023/1542, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear leis seo í in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
1.	EN 18060:2025 Feithiclí bóthair- Ceallraí in-athluchtaithe a bhfuil stóras fuinnimh inmheánach acu- Feidhmíocht agus marthanacht modúl agus ceallraí feithiclí leictreacha alcaile-Ian (Li-Ion, Na-Ion), Pb, NiMH agus ceimicí comhcheangailte.